Lugh sáimh-ioldánach

Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council




# PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL DHÚN DEALGAN 2024 –2030

## PÁIPÉIR SAINCHEISTEANNA RÉAMH-DHRÉACHT



## Réamhrá

Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Lú Plean Ceantair Áitiúil (dá ngairtear 'an Plean' nó 'PCÁ' anseo feasta) a ullmhú do Dhún Dealgan. Soláthróidh an Plean seo creat agus straitéis úsáide talún d'fhás Dhún Dealgan amach anseo ar mhaithe leis an mbaile agus lena shaoránaigh. Tá sé mar bhunchuspóir ag an bPlean timpeallacht a chruthú inar féidir le Dún Dealgan a phoitéinseal a chomhlíonadh agus leanúint de bheith ina phointe fócasach d'fhás daonra agus eacnamaíochta agus d'infheistíocht in oirthuaisceart na tíre. Cuirfear béim láidir ar chomhdhlúthú agus ar athghiniúint uirbeach agus ar chur chun cinn patrúin inbhuanaithe forbartha a spreagann cruthú croí bríomhar uirbeach ina bhfuil timpeallacht oibre agus maireachtála atá ar ardchaighdeán agus tarraingteach.

## Cuspóir an Pháipéir Saincheisteanna

Tá sé mar aidhm ag an bPáipéar Saincheisteanna seo forbhreathnú leathan a thabhairt ar na príomhcheisteanna atá roimh Dhún Dealgan a spreagfaidh baill den phobal agus páirtithe leasmhara chun dul i ngleic leis an bpróiseas agus aighneacht a dhéanamh.
Tugann an Páipéar Saincheisteanna seo deis do shaoránaigh Dhún Dealgan agus d'aon pháirtithe leasmhara todhchaí an bhaile a mhúnlú chun a dtuairimí a nochtadh maidir leis na saincheisteanna a cheapann siad atá tábhachtach. D'fhéadfadh saincheisteanna mar thithíocht, an geilleagar, áiseanna sóisialta agus pobail, an comhshaol, nó iompar a bheith san áireamh.

Más mian leat cur le hullmhú an Phlean seo is féidir aighneacht a dhéanamh ag an gcéim Réamhdhréachta seo **ar nó roimh 4.30pm Dé hAoine 30ú Meitheamh 2023**. Tá tuilleadh sonraí maidir le conas aighneacht a dhéanamh leagtha amach ar Thairseach Chomhairle Contae Lú ag https://consult.louthcoco.ie/

## Cad é Plean Ceantair Áitiúil?

Is doiciméad phleanála reachtúla é Plean Ceantair Áitiúil a sholáthraíonn mionstraitéis pleanála do cheantar nó lonnaíocht ar leith. Soláthraíonn sé sásra chun polasaí plean forbartha náisiúnta, réigiúnach agus contae a chur i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil. Áireoidh an Plean ráiteas scríofa a leagann amach an insint agus creat beartais do Dhún Dealgan. Chomh maith leis sin, cuirfear leabhar léarscáileanna ar fáil ina dtabharfar mionsonraí maidir le criosú úsáide talún agus limistéir a bhfuil suim chomhshaoil ag baint leo. Áireofar Measúnachtaí Timpeallachta atá le déanamh mar chuid d'ullmhú an Phlean san aguisín.

Éilíonn Cuspóir beartas réigiúnach 4.19 den Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch (SRSE) do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre go n-ullmhófar Plean Ceantair Uirbigh do Dhún Dealgan. Léiríonn Cuspóir Beartais Náisiúnta 70 den Chreat Pleanála Náisiúnta (CNP) go n-ullmhófar Pleananna Ceantair Uirbigh faoi fhorálacha na reachtaíochta i bpleananna ceantair áitiúil. In éagmais reachtaíochta a fhorálann go sainráite do 'Phleananna Ceantair Uirbigh' tá an Plean seo á ullmhú ar an gcéad dul síos mar Phlean Ceantair Áitiúil.

### Cé a dhéanfaidh Plean Ceantair Áitiúil Dhún Dealgan?

Is ar chomhaltaí tofa Chomhairle Contae Lú atá an fhreagracht Plean Ceantair Áitiúil Dhún Dealgan a dhréachtú. Vótálfaidh na chomhaltaí tofa mar sin chun an Plean a dhéanamh. Tabharfaidh oifigigh na Comhairle cúnamh dóibh ag gach céim den phróiseas.



## Conas a rachaidh an Plean i bhfeidhm orm?

Soláthróidh an Plean creat spásúil d’fhás Dhún Dealgan amach anseo. Aithneoidh sé na ceantair le haghaidh forbairt chónaithe agus fostaíochta agus áit a soláthrófar áiseanna pobail agus comharsanachta ar nós scoileanna, páirceanna imeartha, siopaí agus seirbhísí áitiúla. Déanfar iarratais phleanála a mheas in aghaidh criosú úsáide talún agus cuspóirí polasaí an Phlean mar aon le haon treoircháipéisí bainteacha agus polasaí ábhartha náisiúnta, réigiúnach nó plean forbartha contae.

## Polasaí Náisiúnta agus Réigiúnach

Soláthraíonn an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) an creat do bheartas pleanála ar leibhéal náisiúnta. Tacaíonn an Plean Forbartha Náisiúnta (PFN) leis seo, ar plean é ina leagtar amach an straitéis infheistíochta i dtionscadail infrastruchtúir caipitil atá le cur chun cinn agus le seachadadh ar fud na tíre. Le chéile, tugtar Tionscadal Éireann 2040 ar na doiciméid seo.

Leagann an Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch (SRSE) do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre amach an sásra chun an CNP a sheachadadh ar leibhéal réigiúnach. Aithnítear ról réigiúnach Dhún Dealgan i mbeartas náisiúnta agus réigiúnach trína ainmniú mar Ionad Fáis Réigiúnach sa CNP agus sa SRSE.

Soláthraíonn Plean Forbartha Contae Lú, 2021-2027 an creat agus an straitéis chun beartas náisiúnta agus réigiúnach a chur i bhfeidhm ar leibhéal an chontae. Léirítear é seo sa tosaíocht atá tugtha d’fhás Dhún Dealgan agus suíomh an bhaile ag barr an ordlathais lonnaíochta sa Phlean Forbartha Contae.
Beidh ar Phlean Ceantair Áitiúil Dhún Dealgan a bheith ag teacht leis an bPlean Forbartha Contae agus a léiriú conas atá an beartas náisiúnta agus réigiúnach á chur i bhfeidhm ag leibhéal áitiúil.

## Plean Forbartha Contae Lú 2021-2027 (arna athrú)

Glacadh le Plean Forbartha Contae Lú reatha in 2021. Glacadh le hAthrú Uimh.1 i mí Iúil 2022. Cuimsíonn an Ráiteas Scríofa in Imleabhar 1 den Phlean Forbartha Contae téacs agus cuspóirí beartais a bhaineann go sonrach le Dún Dealgan. Foilsíodh léarscáil chriosaithe úsáide talún do Dhún Dealgan in Imleabhar 1A den Phlean Forbartha Contae. Soláthróidh sé seo an creat chun an Plean Ceantair Áitiúil a ullmhú.

# Straitéis d'Fhorbairt Dhún Dealgan amach anseo

Díreoidh an straitéis forbartha do Dhún Dealgan ar bhaile bríomhar dea-nasctha a chruthú le comharsanachtaí ardchaighdeáin a bheidh tarraingteach do dhaoine cónaí iontu agus gnólachtaí le hinfheistíocht a dhéanamh iontu. Beidh béim leagtha ann ar an athnuachan uirbeach trí athfhorbairt a dhéanamh ar fhoirgnimh agus ar thalamh nach mbaintear úsáid astu, rud a chabhróidh le comhdhlúthú an chroíláir uirbigh agus le lonnaíochta níos dlúithe a chruthú. Déanfar breithniú ar na láithreacha féideartha a bheadh oiriúnach d'fhoirgnimh níos airde i nDún Dealgan agus conas is féidir leis seo cabhrú le dlúis níos airde agus dlúthfhás a bhaint amach. Sócmhainní nádúrtha a bhainistiú agus a chosaint, agus a chinntiú go bhfuil an baile athléimneach ina leith agus in ann freagairt do thionchair an athraithe aeráide, cinnteoidh sé fás inbhuanaithe an bhaile do na glúine atá ann agus do na glúine atá le teacht.

## Straitéis Fáis – Príomhcheisteanna

1. Conas ba chóir don Phlean coincheap an fháis dhlúth a chur chun cinn agus cad iad na réimsí ar cheart díriú orthu le haghaidh comhdhlúthaithe?
2. Conas is féidir linn níos mó daoine a spreagadh chun cónaí i gcroílár uirbeach an bhaile gar do fhostaíocht agus do sheirbhísí?
3. Nuair a mholtar dlúis chónaithe níos airde, conas is féidir linn a chinntiú go mbaintear caighdeáin chuí amach maidir leis an dearadh uirbeach agus an ailtireacht chun pobail inbhuanaithe agus inchónaithe a chinntiú?
4. Cad iad na critéir atá tábhachtach sa mheasúnú ar thograí dlús níos airde?
5. Cad iad na ceantair i nDún Dealgan atá oiriúnach d'fhoirgnimh níos airde?

# Tionscadail Athghiniúna

Ag leanúint ar aghaidh ó sheachadadh rathúil scéim an fhearainn phoiblí ar Shráid Chlann Bhreasail, leanann an Chomhairle ar aghaidh ag tacú le tionscadail a dhéanfaidh athbheochan ar lár an bhaile agus a chruthóidh spásanna bríomhara tarraingteacha le haghaidh gnóthais agus le daoine chun siopadóireacht agus buaileadh le chéile. Ar dhá limistéar i lár an bhaile ina ndíreofar go speisialta ar athnuachan, tá An Siúlán Fada agus Ceathrú San Niocláis.

Tá na tionscadail an Siúlán Fada agus Cheathrú San Nioclái araon maoinithe faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach. Is éard atá i gCeathrú an tSiúláin Fhada ná na hIonaid Siopadóireachta Carroll Village agus Long Walk, Stáisiún Bus Dhún Dealgan agus ceantair lastoir de Bhóthar an tSiúláin Fhada. Tá deis ann áit chónaithe nua a chruthú sa chuid seo den bhaile a bheidh sainiúil agus a chuimseoidh spásanna solúbtha cathartha do raon úsáidí cultúrtha, áineasa agus pobail.

Is ceantar i nDún Dealgan é Ceathrú San Nioclás ina bhfuil leibhéil arda folúis agus tréigthe agus ina tharla an fhorbairt ad hoc. Is iad príomhghnéithe Thionscadal Cheathrú San Nioclái ná oibreacha fearainn phoiblí chun an sráid-dreach a fheabhsú agus bealaí nua a sholáthar trí na cúlchríocha chun tréscaoilteacht níos fearr a cheadú agus scaoileadh tailte tearcúsáidte le haghaidh athfhorbartha a éascú.

## Athnuachan – Príomhcheisteanna

1. Cad iad na ceantair i nDún Dealgan seachas an Siúlán Fada agus Ceathrú San Nioclái ar cheart iad a aithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh le haghaidh athnuachana?
2. Cad iad na bearta ba chóir a úsáid chun láithreáin fholmha, urláir uachtaracha na bhfoirgneamh, agus tailte tearcúsáidte a thabhairt ar ais in úsáid arís?

# Tithe Ardchaighdeáin agus Pobail Inbhuanaithe

De réir mar a leanann daonra Dhún Dealgan ag fás, tá sé tábhachtach go bhfuil soláthar agus raon imleor de chineálacha, méideanna agus tionachtaí tithíochta ann chun freastal ar riachtanais an phobail ar fad. Tá sé ríthábhachtach freisin go bhfásfaidh an baile ar ardán inbhuanaithe lena spreagfar cónaitheoirí, oibrithe agus leanaí scoile chun siúl, rothaíocht nó úsáid a bhaint as iompar poiblí. Ar an gcúis seo tabharfar tús áite do na tailte inlíonta agus athfhorbraíochta atá suite níos lárnaí le haghaidh fáis.



## Tithe Ardchaighdeáin – Príomhcheisteanna

1. Cad iad na príomhcheisteanna a bhaineann le tithíocht i nDún Dealgan?
2. Cén cineál tithíochta ar mhaith leat a fheiceáil tógtha?
3. Cad iad na ceantair i nDún Dealgan ar mhaith leat go ndéanfaí tithíocht a fhorbairt iontu?

# Sóisialta agus Pobal

Tá soláthar bonneagair shóisialta agus phobail i suíomhanna cuí ina chuid riachtanach de phobail inbhuanaithe, shláintiúla atá pleanáilte i gceart a thógáil. Le méadú suntasach ar an daonra réamh-mheasta i nDún Dealgan tá sé tábhachtach go mbreithneofar sa Phlean conas a dhéanfaidh an baile freastal ar phobail nua agus atá ag fás agus ar dhaonra atá ag éirí níos ilghnéithí.

Chomh maith le soláthar bonneagair shóisialta agus phobail a éascú, déanfaidh an Plean Ceantair Áitiúil iarracht freisin freagairt a thabhairt do shaincheist maidir le heisiamh sóisialta agus míbhuntáiste socheacnamaíoch trí phobail chuimsitheacha a chruthú ina bhfuil rochtain ag gach duine ar sheirbhísí, ar thithíocht agus áiseanna chun freastal ar a gcuid riachtanas.

## Sóisialta agus Pobail – Príomhcheisteanna

1. Conas is féidir leis an bPlean an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn?
2. Cad is gá dúinn a bhreithniú le cur ar ár gcumas freastal ar riachtanais daonra atá ag dul in aois, daoine faoi mhíchumas, leanaí, daoine óga agus mionlaigh eitneacha?
3. Cén cineál áiseanna pobail agus seirbhísí áitiúla atá ag teastáil i bpobail chónaithe reatha agus nua?
4. Cén bonneagar pobail agus áiseanna spóirt atá in easnamh agus cén áit ar cheart iad a bheith suite?

# Gníomhú Aeráide agus Tuilte

Tá ról bunúsach ag úsáid talún agus pleanáil spásúlachta chun ár lorg carbóin a laghdú. Ar leibhéal náisiúnta, tá sé mar aidhm ag Plean Gníomhaíochta Aeráide 2023 an tír a chur ar chosán níos inbhuanaithe trí astaíochtaí a laghdú, geilleagar agus sochaí níos glaine agus níos glaise a chruthú, agus daoine a chosaint ó iarmhairtí an athraithe aeráide. Tá Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide á réiteach ag Comhairle Contae Lú don Chontae faoi láthair. Táthar ag súil go bhfoilseofar é seo i bhFeabhra 2024 agus áireofar leis gníomhaíochtaí sonracha do Chrios Dícharbónaithe Dhún Dealgan-Na Creagacha Dubha. Tá Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide ag an gComhairle freisin a thugann aghaidh ar oiriúnú (pleanáil go réamhghníomhach chun beart a dhéanamh agus oiriúnuithe a dhéanamh chun na tionchair reatha agus réamh-mheasta ón athrú aeráide a íoslaghdú nó a sheachaint) agus ar mhaolú (na hiarrachtaí atá déanta chun déine tionchair an athraithe aeráide amach anseo a laghdú trí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú).

Beidh príomhról ag an bPlean seo maidir le gníomhartha inláimhsithe chun aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide a éascú agus a chur chun cinn. Rachaidh an Chomhairle i dteagmháil leis an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGA) chun cabhrú le comhtháthú oiriúnú aeráide agus maolú ar chuspóirí beartais an phlean. Tagraíonn bearta oiriúnaithe do bhearta ar féidir leo tionchar diúltach an athraithe aeráide a laghdú, agus tagraíonn bearta maolaithe do bhearta is féidir a dhéanamh chun astaíochtaí a laghdú.

Tabharfaidh athrú aeráide dúshláin do Dhún Dealgan i réimse an riosca tuile. Baineann sé seo le teagmhais aimsire níos foircní agus le hardú ar mheánleibhéil na farraige. Tá an Chomhairle, i gcomhpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) ag cur Scéim Faoisimh Tuilte chun cinn do Dhún Dealgan agus Na Creagacha Dubha a mhaolóidh aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag riosca tuilte ar an mbaile.

### Gníomhú Aeráide agus Tuilte – Príomhcheisteanna

1. Conas is féidir leis an bPlean seo aistriú Crios Dícharbónaithe Dhún Dealgan-Na Creagacha Dubha go pobal ísealcharbóin a éascú?
2. Conas is féidir caomhnú fuinnimh agus foinsí fuinnimh in-athnuaite a spreagadh níos fearr?
3. Conas is féidir leis an bPlean seo dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide le cur ar chumas Dhún Dealgan éirí níos athléimní i leith tionchair an athraithe aeráide?

# Geilleagar agus Fostaíocht

Ciallaíonn suíomh Dhún Dealgan feadh Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste, le rochtain iontach go Baile Átha Cliath agus Béal Feirste tríd an ngréasán bóithre agus iarnróid, chomh maith leis an nascacht a sholáthraíonn na háiseanna calafoirt i nDún Dealgan agus sa Ghrianfort go bhfuil an baile suite go maith chun infheistíocht eacnamaíoch a mhealladh. Tá bonn láidir de ghnóthaí dúchasacha agus gnóthaí Infheistíochta dhíreach choigríche (IDC) sa bhaile. Baineann na gnólachtaí seo leas as institiúid tríú leibhéal a bheith i láthair, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (ITDd), a sholáthraíonn deiseanna do chomhoibriú agus d'fhórsa saothair cumasach oilte.

Féachfaidh an Plean seo le héascú a dhéanamh ar leanúint den infheistíocht isteach sa bhaile chomh maith le leathnú agus comhdhlúthú na ngnóthaí atá ann cheana féin. Cinnteoidh sé seo gur féidir le Dún Dealgan a sheasamh a neartú mar thiománaí d'fhás agus d'fhorbairt eacnamaíoch in oirthuaisceart na tíre.

Tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil dóthain tailte ar fáil chun infheistíocht eacnamaíoch a éascú agus go seachadtar an infheistíocht bhonneagair ghaolmhar a theastaíonn chun na tailte seo a scaoileadh le haghaidh forbartha go tráthúil.

### Geilleagar agus Fostaíocht – Príomhcheisteanna

1. Conas is féidir leis an bPlean cuidiú le tacaíocht a thabhairt do ghnóthaí reatha agus le fostaíocht nua a mhealladh go Dún Dealgan?
2. Conas is fearr is féidir Dún Dealgan a uasmhéadú a tharraingteacht agus a láidreachtaí don infheistíocht eacnamaíoch?
3. Conas is féidir leis an bplean aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le díothacht eacnamaíoch i nDún Dealgan agus na buntáistí a bhaineann le fás eacnamaíoch a scaipeadh ar gach earnáil den tsochaí?

# Miondíol agus Lár Bailte ar dTús

Tá tionchar suntasach ag nósanna tomhaltóra a athrú in éineacht le dul chun cinn sa teicneolaíocht ar an earnáil mhiondíola. Mar sin féin, tá an tairiscint mhiondíola i nDún Dealgan láidir agus tá spás poiblí tarraingteach cruthaithe ag an infheistíocht a rinneadh le déanaí sa réimse poiblí i gCearnóg an Mhargaidh agus i Sráid Clanbrassil a chuireann le beogacht i lár an bhaile a fhágann gur ceann scríbe tarraingteach é do dhaoine chun siopadóireacht agus sóisialú. Is é Ionad Siopadóireachta Marshe an príomhcheann scríbe le haghaidh siopadóireachta ar bhonn comparáide, agus is é Páirc Miondíola Dhún Dealgan ar an mBóthar Faoisimh Laistigh an príomh-cheann scríbe le haghaidh earraí toirtiúla.

Taobh amuigh de limistéar Shráid Chlann Bhreasail/Sráid an Iarla i lár an bhaile tá méadú ar líon na bhfolúntas. Tá sé seo le feiceáil go háirithe in Ionad Siopadóireachta Longwalk agus tú ag taisteal ó thuaidh ó Shráid Chlann Bhreasail go Sráid an Droichid. Is láithreáin shuntasacha iad iar-Ionad Siopadóireachta Carroll Village agus t-iar Dunnes Stores ar Shráid na Páirce chomh maith le Williamsons Mall le cumas suntasach athfhorbartha i lár an bhaile. Leanfaidh an Chomhairle ag obair go dlúth le gnólachtaí agus na páirtithe leasmhara éagsúla i dtionscadail infheistíochta agus athnuachana i lár an bhaile. Áirítear leis seo dul chun cinn na dtionscadal ag an tSiúlán Fhada agus ag Ceathrú Naomh Nioclás chomh maith le cur i bhfeidhm aon tionscnamh a aithníodh faoin doiciméad bheartais um Lár Bailte ar dTús.

## Miondíol agus Lár Bailte ar dTús – Príomhcheisteanna

1. Conas is féidir leis an bPlean tacú le miondíol i lár an bhaile agus a chinntiú go bhfanann lár an bhaile mar phríomhcheann scríbe siopadóireachta i nDún Dealgan?
2. Cad é an cothromaíocht agus an meascán cuí, dar leat, idir úsáidí miondíola agus úsáidí eile i lár an bhaile ar nós seirbhísí fóillíochta, bia agus miondíola?
3. Conas is féidir an geilleagar um thráthnóna agus oíche a fhorbairt ar mhaithe le Dún Dealgan?
4. Conas is féidir le 'Cur Chuige Lár Bailte ar dTús' cuidiú le lár baile Dhún Dealgan a athbheochan agus aghaidh a thabhairt ar cheist na bhfolúntas?
5. Cad é do thuairim maidir le forbairt cónaithe a éascú i bhfoirgnimh fholmha i lár an bhaile?
6. Conas is féidir linn athúsáid maoine folmha a spreagadh agus aghaidh a thabhairt ar thréigean?

# Gluaiseacht

Is lonnaíocht ilmhódach é Dún Dealgan a bhaineann leas as nascacht bóithre agus iarnróid den scoth idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste. Tá gréasán láidir bóithre réigiúnacha agus áitiúla ann freisin a nascann Dún Dealgan le príomhlonnaíochtaí sa Chontae agus sa réigiún níos leithne. Tá na naisc agus nascacht seo tábhachtach chun tacú le fás eacnamaíoch agus infheistíocht.

Ullmhófar Plean Iompair Áitiúil do Dhún Dealgan mar chuid den Phlean Ceantair Áitiúil agus féachfaidh sé le comhtháthú úsáid talún agus pleanáil iompair a chinntiú. Soláthróidh sé creat freisin le haghaidh infheistíocht agus forbairt an bhonneagair iompair i nDún Dealgan.

Áirítear le hiompar poiblí ar an mbaile seirbhís iarnróid idirchathrach agus comaitéireachta, seirbhís bus baile a nascann ceantair chónaithe le lár an bhaile, agus seirbhís réigiúnach bus a nascann Dún Dealgan le haerfort Bhaile Átha Cliath, lár na cathrach, agus lárionaid mhóra uirbeacha lena n-áirítear Droichead Átha, Baile Átha Fhirdhia, agus an tIúr.

Mar chuid den straitéis chun taisteal gníomhach a chur chun cinn tá an Chomhairle, i gcomhar leis an Údarás Iompair Náisiúnta, ag dul chun cinn roinnt tionscadal i mbonneagar siúil agus rothaíochta. Áireofar leis seo uasghrádú ar an mbonneagar atá ann cheana, leathnú na gcosán, agus tógáil lánaí rothaíochta leithscartha agus déanfaidh sé siúl agus rothaíocht modh iompair níos sábháilte agus níos tarraingtí do chónaitheoirí agus d'oibrithe sa bhaile.

Chomh maith le hinfheistíocht i dtionscadail taistil ghníomhaigh, aithníonn an Chomhairle freisin an gá atá leis an mbonneagar bóithre sa bhaile chun a chumas a choinneáil chun freastal ar an trácht breise a eascraíonn as méadú ar an daonra agus ar ghníomhaíocht eacnamaíoch a bhaineann lena ainmniú mar Ionad Fáis Réigiúnach. Áirítear leis seo uasghrádú ar Ascaill an Mhóta, a fheabhsóidh an nasc idir Bóthar Bhaile an Chaisleáin agus Bóthar Charraig Mhachaire Rois. Scaoilfidh tógáil an bhóthair seo, ar cuireadh tús leis le déanaí, tailte atá criosaithe d'fhorbairt cónaithe cóngarach do lár an bhaile agus don stáisiún traenach.

Tacóidh an Chomhairle freisin leis an aistriú go feithiclí leictreacha agus éascóidh sí soláthar pointí luchtaithe poiblí i suíomhanna cuí, i gcomhar leis na geallsealbhóirí a bhfuil baint acu le rolladh amach an bhonneagair seo.

## Gluaiseacht - Príomhcheisteanna

1. An bhfuil sé éasca duit rochtain a fháil ar áiseanna áitiúla ar shiúlóid nó ar rothar?
2. Conas is féidir linn daoine a spreagadh chun taisteal ar bhealach níos inbhuanaithe ar nós siúl, rothaíocht, nó úsáid a bhaint as iompar poiblí?
3. Cad iad na feabhsuithe ar mhaith leat a fheiceáil ar sheirbhísí iompair phoiblí laistigh de Dhún Dealgan agus ag nascadh an bhaile le hionaid eile?
4. Cá bhfuil na láithreacha is oiriúnaí le haghaidh áis Páirceála agus Taistil/Páirceála agus Siúil i nDún Dealgan?



# Bonneagar Glas, Spás Oscailte, Áineas agus Oidhreacht Nádúrtha

Soláthraíonn suíomh cósta Dhún Dealgan feadh béal Abhainn Chaisleán Dhún Dealgan líonra leathan de ghnáthóga tábhachtacha éiceolaíochta don bhaile a bhfuil saibhreas bithéagsúlachta acu. Is Ceantar Speisialta Caomhnaithe agus Ceantar faoi Chosaint Speisialta é Cuan Dhún Dealgan. Is sócmhainní tábhachtacha iad na ceantair seo, chomh maith leis na spásanna glasa eile sa bhaile lena n-áirítear páirceanna agus spásanna oscailte a sholáthraíonn suíomh tarraingteach don bhaile agus a chuireann ar chumas cónaitheoirí agus cuairteoirí taitneamh a bhaint as stíl mhaireachtála gníomhach agus sláintiúil.

De réir mar a mhéadaíonn daonra Dhún Dealgan, tá sé tábhachtach go leanfaidh an Chomhairle de bheith réamhghníomhach i mbainistiú a spásanna glasa, a láithreáin ainmnithe, agus a ngnáthóga cosanta. Mar chuid de straitéis bonneagair ghlais an Phlean seo féachfaidh an Chomhairle le siúlóidí agus spásanna breise a aithint a bhféadfaidh daoine taitneamh a bhaint astu agus inar féidir le bithéagsúlacht agus nádúr a bheith rathúil. Breithneofar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag spásanna oscailte maidir le maolú a dhéanamh ar thionchair an athraithe aeráide trí ghabháil carbóin, feabhas a chur ar bhithéagsúlacht, ar bhainistíocht uisce inbhuanaithe, agus ar athléimneacht tuile mar chuid de chur i bhfeidhm na straitéise bonneagair glasa.

## Bonneagar Glas, Spás Oscailte, Áineas agus Oidhreacht Nádúrtha – Príomhcheisteanna

1. Conas a chuirimid na tairbhí sláinte, comhshaoil agus oidhreachta a bhaineann le bonneagar glas chun cinn?
2. Conas a dhéanaimid réitigh ghlasa a chomhtháthú laistigh d'fhorbairt dhlúth uirbeach?
3. Conas a bhainistímid ár sócmhainní nádúrtha de réir mar a leanann daonra Dhún Dealgan ag fás?
4. Conas is féidir leis an bPlean bithéagsúlacht Dhún Dealgan a chosaint agus a fheabhsú?

# Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíocht

Cuireann an oidhreacht thógtha i nDún Dealgan, lena n-áirítear foirgnimh stíl Seoirseach, Victeoiriach agus Éadbhardach, le tuiscint ar leith ar áit agus ar stíl tógála sa bhaile. Soláthraíonn na foirgnimh seo agus na húsáidí a bhaineann leo, lena n-áirítear úsáidí cónaithe, tráchtála, cathartha agus reiligiúnacha nasc tábhachtach leis an am atá thart agus tugann siad léiriú ar bhunús agus úsáidí stairiúla na bhfoirgneamh agus na spásanna sa bhaile. Aithnítear limistéir ina bhfuil spéis ailtireachta nó staire ar leith sa bhaile ina n-ainmniú mar Limistéir Chaomhantais Ailtireachta. Leanfaidh an Plean le hoidhreacht shaibhir thógtha agus seandálaíochta Dhún Dealgan a chur chun cinn. Féachfaidh sé le cothromaíocht a bhaint amach maidir le tacú le hathúsáid agus le hathghiniúint spásanna agus foirgneamh nach mbaintear úsáid astu a ligfidh d'athghiniúint chroílár uirbeach an bhaile, agus, ag an am céanna, meas a léiriú ar chreatlach stairiúil na bhfoirgneamh agus na spásanna seo.

## Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíocht – Príomhcheisteanna

1. Conas is féidir linn athúsáid íogair foirgneamh iomarcach nó tréigthe a spreagadh?
2. Conas is féidir linn cothromaíocht a bhaint amach idir oidhreacht thógtha Dhún Dealgan a chosaint agus athnuachan chroílár uirbeach an bhaile a éascú chomh maith?
3. Conas is féidir oidhreacht seandálaíochta agus thógtha Dhún Dealgan a chosaint?

# Bonneagar Seirbhísí Uisce

Tá sé ríthábhachtach uisce sábháilte, athléimneach agus bonneagair fuíolluisce a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais daonraí agus gnólachtaí amach anseo chun fás inbhuanaithe Dhún Dealgan a chinntiú. Freastalaíonn Ionad Cóireála Uisce Chnoc an Chabháin agus Ionad Cóireála Uisce An Cnocán Glas ar an soláthar uisce i nDún Dealgan. Tá srianta ar ghréasán an tsoláthair uisce sa bhaile, go háirithe lastuaidh d'Abhainn Chaisleán Dhún Dealgan. Tá Uisce Éireann ag fiosrú réitigh fhéideartha chun aghaidh a thabhairt ar na srianta sin.

Táthar ag súil go bhfoilseofar é seo i bhFeabhra 2024 agus áireofar leis gníomhaíochtaí sonracha do Chrios Dícharbónaithe Dhún Dealgan-Na Creagacha Dubha. Cé go bhfuil acmhainn sna hionaid chóireála chun freastal ar lódáil bhreise tá srianta sa líonra. Tá Uisce Éireann ag ullmhú Plean Limistéir Draenála do Dhún Dealgan faoi láthair a shainaithneoidh na hinfheistíochtaí a theastaíonn sa líonra chun forbairt a éascú.

## Bonneagar Seirbhísí Uisce – Príomhcheisteanna

1. Cad iad na tionscadail bhonneagair seirbhísí uisce ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh le linn an Phlean seo?
2. Conas is féidir linn a chinntiú nach gcuirfidh forbairtí i nDún Dealgan leis an meath ar cháilíocht an uisce lena n-áirítear screamhuisce, aibhneacha agus uiscebhealaí cósta?

# Measúnuithe Comhshaoil

Is gné ríthábhachtach den phróiseas déanta plean iad Measúnuithe Comhshaoil, agus déanann na measúnuithe seo athbhreithniú ar na tionchair chomhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag cur i bhfeidhm cuspóirí beartais.

Déanfar Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (MSC) agus Measúnú Iomchuí (MI). Ní féidir glacadh leis an bPlean ach amháin mura mbeidh tionchar aige ar shláine Láithreáin Natura 2000.

Aithneoidh Measúnú Straitéiseach Riosca Tuile gach cineál riosca tuilte i nDún Dealgan agus cabhróidh sé le cinntí eolasacha pleanála maidir le húsáid talún a dhéanamh agus le cuspóirí beartais a bhaineann le riosca tuilte a cheapadh.

Beidh na measúnuithe seo ar fáil le haghaidh iniúchadh poiblí mar chuid den Dréachtphlean nuair a chuirfear ar taispeáint poiblí é.



# Na Chéad Chéimeanna Eile

Tar éis an chéim réamhdhréachta den chomhairliúchán poiblí a thabhairt chun críche cuirfidh an Fhoireann um Pleanáil Chun Cinn tús le hullmhú an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil, a bheidh á threorú ag rannpháirtíocht na geallsealbhóirí agus na haighneachtaí a fuarthas faoin gcomhairliúchán réamhdhréachta.

Cuirfear tús leis an bpróiseas reachtúil nuair a bheidh an Dréachtphlean ar taispeáint go poiblí. Sé seachtaine atá sa tréimhse taispeántais phoiblí, agus beidh deis ann le linn an ama sin aighneacht a dhéanamh agus freastal ar imeachtaí comhairliúcháin phoiblí.



# Comhairliúchán Poiblí

**Glac páirt sa chomhrá agus 'Bíodh do dheis labhartha agat' chun forbairt Dhún Dealgan amach anseo a mhúnlú**

Éascóidh baill foirne ó Rannóg Pleanála Chun Cinn Chomhairle Contae Lú sraith de seisiúin faisnéise poiblí buail isteach, mar seo a leanas:

| Seisiúin Buail Isteach Comhairliúcháin | Dáta | Am |
|---|---|---|
| Leabharlann Dhún Dealgan, Plás Roden, Dún Dealgan, Co. Lú A91 W20C | Dé Máirt, 6ú Meitheamh, 2023 | 4:30pm -7:45pm |
| | Déardaoin, 8ú Meitheamh, 2023 | 4:30pm -7:45pm |
| Ceardlann agus Siúlóid Chomharsanachta – Tá sé mar aidhm ag an gceardlann seo rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn in ullmhú Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta an Phlean. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag https://consult.louthcoco.ie/ | Dé Máirt, 13ú Meitheamh, 2023 | 4:30pm -7:45pm |

# Aighneacht a Dhéanamh

Ba cheart aighneachtaí a dhéanamh trí mheán amháin, i scríbhinn nó trínár dtairseach ar líne. Ba cheart d'ainm, do sheoladh, agus, más infheidhme, sonraí na heagraíochta nó an ghrúpa a ndéanann tú ionadaíocht dóibh a bheith san áireamh ar bhileog ar leith leis an aighneacht iarbhír.

Beidh sraith de sheisiúin 'buail isteach' ann, ionas gur féidir leat teacht agus labhairt linn go díreach faoi na rudaí is dóigh leat ar cheart a chur san áireamh sa Phlean.

Tá sonraí breise ar an bPáipéar Saincheisteanna agus conas aighneacht a dhéanamh leagtha amach ar an tairseach comhairliúcháin ar líne https://consult.louthcoco.ie/

Is féidir aon cheisteanna maidir leis an bPáipéar Saincheisteanna seo a chur ar ríomhphost chuig dundalklap@louthcoco.ie

# Cá seolfaidh mé m'aighneacht

**I Scríbhinn:**

**Pleanáil Chun Cinn PCÁ Dhún Dealgan**
**Halla an Bhaile, Sráid Crowe,**
**Dún Dealgan,**
**Contae Lú**
**A91 W20C**

**Tairseach Comhairliúcháin:** **https://consult.louthcoco.ie/**

Féadfar aighneachtaí/breathnuithe maidir leis an bPáipéar Saincheisteanna do Phlean Ceantair Áitiúil Dhún Dealgan a dhéanamh le linn na tréimhse comhairliúcháin phoiblí ó **Déardaoin 01ú Meitheamh, 2023, go dtí 4.30pm Dé hAoine 30ú Meitheamh, 2023** (san áireamh).